Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc

Garrán na Fuinseoige, Ceatharlach, R93 PX92
Príomhoide: Ruth Ní Chearbhalláin
Príomhoide Tánaiste: Míchéal Ó Rinn
Uimhir Rolla: 19811S
Fón: 059 9131634
Ríomhphost: office@egscoil.ie
Suíomh: www.egscoil.ie

CÓD IOMPAIR
CODE OF BEHAVIOUR

Is iad aidhmeanna an Chóid Iompair i nGaelscoil Eoghain Uí Thuairisc ná:
The aims of the Code of Behaviour of Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc are:

- Treoir a chur ar fáil do na daltaí, do fhoireann na scoile agus do na tuismitheoirí agus caomhnóirí maidir leis an ionchas iompair atá á lorg againn
  To provide guidance for pupils, school staff and parents/guardians of behavioural expectations
- Straitéis a chur ar fáil le go bhfeidhmeoidh an scoil mar ionad slán, éifeachtach
  To provide for the effective and safe operation of the school
- Féinmheas a chothú i measc na ndaltaí agus iompar dearfach a chur chun cinn
  To develop pupils' self-esteem and to promote positive behaviour
- Féin-smacht agus dearcadh freagrach a chothú i measc na ndaltaí, rudaí a bheadh bunaithe ar mheas agus ar thuiscint i leith chách
  To foster the development of a sense of responsibility and self-discipline in pupils based on respect and understanding of others
- Oideachas agus forbairt an uile pháiste a éascú
  To facilitate the education and development of every child
- Dearcadh comhbhách a chothú i measc na ndaltaí ina leith féin agus i leith na timpeallachta
  To foster caring attitudes to one another and to the environment
- A chur ar chumas na foirne bheith ag múineadh gan aon chur isteach ar chúrsaí
  To enable teachers to teach without disruption
- Comhar agus cur chuige comhoibríoch a chothú i measc phobal na scoile
  To foster a sense of co-operation and collaborative responsibility within the school community
- Cothromaíocht a bheith ann idir riachtanais oideachais an té a léiríonn iompar do-ghlactha agus riachtanais oideachais na ndaltaí eile atá ar scoil
  To balance the educational needs of a student whose behaviour is unacceptable with the educational needs of other students in the school
- Tacaíocht dearfach a chur ar fáil, agus scileanna cuí a mhúineadh go gníomhach dóibhsan a léiríonn leochaileacht i dtaobh fadhbanna iompair bheith acu
  To provide positive support, including active teaching of relevant skills, for those students who are more vulnerable to behaviour problems.

Cur i bhFeidhm /*Implementation*

Tá dearbh-ghaol ag an iompar le Caidreamh agus leis an bhFoghlaim /*Learning, Relationships and Behaviour are inextricably linked*
Tarlaíonn an dea-iompar de bharr foghlaim éifeachtach agus dea-chaidreamh, agus bíonn tionchar ag an iompar ar an mbealach ina bhfoghlaimíonn an mac léinn chomh maith /*Good behaviour is an outcome of effective learning and good relationships, and influences how students learn.*

Rannpháirtíocht na dTuismitheoirí /*Parental Involvement*

Nuair a bhíonn sé dréachtaithe ag an bPríomhoide agus an fhoireann le chéile, cuirtear an Cód Iompraíochta molta i láthair ionadaithe na dtuismitheoirí ionas gur féidir é a phlé agus déantar é a leasú ar bhealaí oiriúnacha /*The proposed Code of Behaviour is presented to Parent Representatives for discussion after it has been drawn up by the Principal and staff and amended if appropriate*.

An Bord Bainistíochta /*Board of Management*

Cuirtear a Cód Iompraíochta i láthair an Bhoird Bainistíochta lena phlé agus le go bhféadfaí é a dhaingniú / *The Code of Behaviour is presented to the Board of Management for discussion and ratification.*

Treoirlínte Ginearálta Ar Mhaithe le hIompar Dearfach /*General Guidelines For Positive Behaviour:*

1. Bímid ag súil leis go ndéanann gach dalta déileáil le daoine fásta agus le daltaí eile ar bhealaí a léiríonn meas agus cúirtéis i gcónaí. Ní ghlacfar le hiompar a chuireann isteach ar na cearta atá ag daoine eile maidir le foghlaim agus le go mothóidís slán /*Pupils are expected to treat all adults and fellow pupils with respect and courtesy at all times. Behaviour that interferes with the rights of others to learn and to feel safe is unacceptable.*
2. Bítear ag súil leis go léireoidh gach aon dalta meas ar réadmhaoin na scoile, agus go gcoimeádfar timpeallacht na scoile glan agus saor ó bhruscar /*Pupils are expected to show respect for all school property and to keep the school environment clean and litter free.*
3. Beifear ag súil leis go mbeidh daltaí bródúil as an gcuma a bhíonn orthu, agus go mbeidh gach aon leabhar agus ábhar riachtanach acu ag an am ceart, san áit cheart /*Pupils are expected to take pride in their appearance, to have all books and required materials and to be in the right place at the right time.*
4. Caithfidh na daltaí glacadh le treoracha ó aon bhall foirne, a ndícheall a dhéanamh agus tascanna agus obair scríofa a chur i láthair chomh maith agus chomh néata agus is féidir leo /*Pupils are expected to obey a staff member's instructions, to work and to present assignments neatly to the best of their ability.*
5. Ba cheart go mbeadh gach aon dalta i láthair ar scoil gach lá, ach amháin sa chás go bhfuil fíor chúis ann le go mbeidís as láthair, agus sa chás sin caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir an scoil a chur ar an eolas trí an chóras Aladdin, trí ghlaoch gutháin nó ó bhéal agus fáth an dalta bheith as láthair a lua /*Pupils are expected to attend every day unless there is a genuine reason for absence, in which case the school must be informed through the Aladdin App or by phone or verbally by the parent/guardian, stating the reason for absence.*

Bulaíocht /*Bullying*

Is éard atá i mbulaíocht ná ionsaí leanúnach a dhéanfadh duine aonair nó grúpa in aghaidh daoine eile, bíodh gur theagmháil throdach fhisiciúil, ó bhéal, nó aigneolaíoch í. Is iad na bealaí is comónta atá ann ina ndéantar ionsaí ar dhaoine ná trí theagmháil fhisiceach ionsaitheach a dhéanamh orthu, trí bhaisteachán, eisiamh, bagairt, fáisceadh nó scoiteacht a imirt orthu, nó trí achasáin a chaitheamh leo. Is féidir leo seo tarlú i bpearsan nó ar líne. Ní ghlacfar le bulaíocht anseo ar chor ar bith agus beifear ag súil leis go dtabharfaidh na tuismitheoirí/caomhnóirí gach aon chomhoibriú i gcónaí maidir le haon eachtra bhulaíochta a láimhseáil ar bhealach a réitíonn le Beartas Frithbhulaíochta na Scoile /*Bullying is continuous verbal, psychological or physical aggression by an individual or group against others. The most common forms of bullying are aggressive physical contact, name-calling, exclusion, intimidation, extortion, isolation and taunting. These can happen in person or online. Bullying will not be tolerated and parents/guardians will be expected to cooperate with the school at all times in dealing with instances of bullying in accordance with the school's Anti-Bullying Policy.*

- Dalta a ghearradh amach ó dhaltaí eile an ranga, nó duine a chur go rang eile ar feadh tamaill */Temporary separation from peers within class and/or temporary removal to another class*
- Dalta a ghearradh amach ó dhaltaí eile an chlóis *m.sh. siúl timpeall leis an múinteoir atá ar dhualgas*, nó dul chuig áit shúgartha eile */Temporary separation in school yard e.g. to walk with the teacher on duty and or removal to another play area*
- Breis oibre a ordú */Prescribing extra work*
- Pribhléidí a chailliúint */Loss of privileges*
- Nóta a scríobh i nDialann Scoile an dalta */Note in child's "Dialann Scoile"*
- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí */Communication with parents/guardians*
- An scéal a chur faoi bhráid an Phríomhoide */Referral to Principal*
- Rachaidh an Príomhoide i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí */Principal communicating with parents/guardians*
- Eisiamh (Fionraíocht nó Díbirt) ón scoil de réir mar atá i dtreoirlínte "An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais" */Exclusion (Suspension or Expulsion) from school in accordance with NEWB guidelines.*

Ní bhainfear obair d'achar curaclaim de dhalta de ghnáth, ach amháin ar fháthanna a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht */Pupils will not usually be deprived of engagement in a Curricular Area, except on the grounds of health/safety.*

Céimeanna Oilghníomhartha /*Degrees of Misdemeanours*

Is ag an múinteoir, agus nó ag an bPríomhoide agus nó ag an mBord Bainistíochta a bheidh an focal deireanach maidir le céimeanna oilghníomhartha, an bhfuil siad mionchúiseach, mórchúiseach, nó tromchúiseach mar shampla. Bainfear úsáid as an gciall choiteann maidir le minicíocht/dáiríreacht na n-oilghníomhartha faoi mar a léirítear anseo */The degree of misdemeanours i.e. minor, serious or gross will be judged by the teachers and/or Principal and/or Board of Management based on a common-sense approach with regard to the gravity/frequency of such misdemeanours, as follows:*

1. Samplaí d'Oilghníomhartha Mionchúiseacha /*Examples of Minor Misdemeanours*

Ag cur isteach ar obair an ranga /bheith déanach ag teacht ar scoil /bheith ag rith i bhfoirgneamh na scoile /bheith ag rith ar na staighrí /caint a dhéanamh sa líne ranga /suíochán a fhágáil gan chead /cartáin bia nó deoch nach bhfuil folamh a chur sa bhosca bruscair /bruscar a chaitheamh i dtimpeallacht na scoile /gan éide scoile oiriúnach bheith ar dhuine /bheith drochbhéasach nó míchúirtéiseach /gan obair bhaile a chomhlíonadh ar fháth nach bhfuil bailí /duine á chur féin nó ag cur daltaí eile ag an sos i gclós na scoile i mbaol d'aon ghnó.
Interrupting class work /arriving late for school /running in school building /running on school stairs /talking in class line /leaving seat without permission /placing unfinished food/drinks cartons in class bin /leaving litter around school /not wearing correct /full uniform /being discourteous /unmannerly /not completing homework without good reason /deliberately endangering self/fellow pupils in the school yard.

An Ghaeilge /*Irish*

'Sí an Ghaeilge teanga chumarsáide na Gaelscoile. Labhraítear í go foirmiúil, go neamhfhoirmiúil ar scoil nó le linn ócáide scoile ar bith. Spreagtar na páistí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a labhairt ón gcéad lá ar scoil agus éilítear orthu í a bheith á labhairt faoi Sheachtain na Gaeilge 'sna Naíonáin Shinsireacha ar a dhéanaí /*An Ghaeilge is the first language of the Gaelscoil. It is spoken formally, informally and at all school related events. Children are encouraged to learn and to use* ***an Ghaeilge*** *from their first day at school and are expected to speak completely* ***as Gaeilge*** *from mid-March of their Senior Infant year.*

2. Samplaí d'Oilghníomhartha Mórchúiseacha /*Examples of Serious Misdemeanours*

Bheith de shíor ag cur isteach ar obair an ranga /bréaga a insint /goid /maoin duine eile a mhilleadh /fón póca bheith i seilbh dhalta ar scoil /bulaíocht /aisíhreagairt drochbhéasach a thabhairt do bhall foirne /bheith i dtimpeallacht na scoile taobh amuigh d'am scoile gan an cead oiriúnach bheith ag duine /an seomra ranga /timpeallacht na scoile a fhágáil i rith an lae scoile gan cead oiriúnach /gan bheith ag obair de réir chumais /caint do-ghlactha a dhéanamh /nithe dainséaracha a thabhairt ar scoil /duine eile a ghortú d'aon ghnó /dúiltiú mar iarrann ball foirne orthu a dhéanamh.
Constantly disruptive in class /telling lies /stealing /damaging other pupil's property /having a mobile phone on school premises, bullying /back answering a member of staff /frequenting school premises after school hours without appropriate permission /leaving classroom/school premises during school day without appropriate permission /not working to full potential /using unacceptable language /bringing dangerous items to school /deliberately injuring another /refusing to do as a staff member asks.

3. Samplaí d'Oilghníomhartha Tromchúiseacha /*Examples of Gross Misdemeanours*

Iompar a bheadh bagrach, ionsaitheach, foréigneach nó imeaglach do dhuine eile /dochar a dhéanamh d'aon ghnó d'aon mhír mhaoine /duine eile a ghortú d'aon ghnó /nithe mí-oiriúnacha, nithe nó ábhair dhainséaracha nó nithe a d'fhéadfadh a bheith contúirteach bheith ina sheilbh nó ina seilbh ag duine.
Aggressive, threatening, violent or intimidating behaviour towards another /intentional damage to property /causing intentional injury to others /Possession of inappropriate items and potentially dangerous items and substances.

Is liostaí nach bhfuil uileghabhálach iad na liostaí thuas /*The above lists are not exhaustive*

Fionraíocht/Díbirt /*Suspension/Expulsion*

Sula gcuirfear smachtbhannaí tromchúiseacha ar nós fionraíocht nó díbirt i bhfeidhm, bainfear úsáid as na gnáthbhealaí cumarsáide a bhíonn ann idir an scoil agus na tuismitheoirí/caomhnóirí. Ag brath ar na cúinsí atá i gceist, déanfar teagmháil phearsanta le tuismitheoirí nó déanfar litir a scríobh chucu. Sa chás go mbíonn mí-iompar tromchúiseach i gceist, nó go mbíonn duine ag cur isteach de shíor ar obair ranga, is féidir leis an mBord Bainistíochta cead a thabhairt don Chathaoirleach nó don Phríomhoide dalta a chur ar fionraí láithreach ar feadh tréimhse nach mairfeadh níos faide ná trí lá scoile, go dtí go mbeadh plé idir an scoil agus na tuismitheoirí/caomhnóirí. Glacann Bord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc an ceart chuige féin gach aon bheart réasúnta a chur i bhfeidhm a bheadh oiriúnach lena chinntiú go mbeadh dea-ord agus dea-iompar i bhfeidhm sa scoil agus chun a chinntiú go mbeidh an fhoireann scoile, na daltaí agus aon chuairteoir chun na scoile sábháilte i gcónaí.
Before serious sanctions such as, suspension or expulsion are used, the normal channels of communication between school and parents/guardians will be utilised. Communication with parents/guardians may be verbal or by letter depending on the circumstances. In the case of gross misbehaviour or persistent disruption to class, the Board may authorise the Chairperson or Principal to sanction an immediate suspension for a period not exceeding three school days, pending a discussion of the matter with the parents. The Board of Management of Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc reserves the right to take such reasonable measures as it considers appropriate to ensure that good order and discipline are maintained in the school and that the safety of all students, staff and visitors is secured.

I gcás fíorphráinne is féidir machnamh a dhéanamh ar dhalta a dhíbirt ón scoil de réir mar atá leagtha síos i Rialacha na Scoileanna Náisiúnta agus san Acht Oideachais (Leas) 2000. Cuirfidh an Bord an tOifigeach Leasa Oideachais áitiúil ar an eolas faoi i scríbhinn sula ndéanfar dalta a chur ar fionraí nó a dhíbirt ón scoil, de réir mar atá leagtha síos i dtreoirlínte an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais.

School rules are kept to a minimum and are devised with regard for the health, safety and welfare of all members of the school community. If a school is to function efficiently, it is necessary that rules and regulations are clearly stated and enforced consistently and fairly. School rules are outlined in the pupils' Dialann Scoile.

Roimh/I nDiaidh Scoile /*Before/After School*

Meabhraítear do thuismitheoirí/chaomhnóirí nach nglacann an scoil freagracht ar bith uirthi féin maidir leis na daltaí roimh am oifigiúil oscailte na scoile ag 8:50rn nó i ndiaidh am oifigiúil dúnta na scoile ag 1:30in (Naíonáin) nó 2:30in (Ranganna Eile), ach amháin sa chás go mbíonn daltaí ag glacadh páirte in imeachtaí breise a eagraíonn agus a ritheann an scoil í féin agus atá faofa ag an mBord Bainistíochta. Bítear ag súil leis go ngníomhóidh na daltaí atá ag glacadh páirte sna himeachtaí seo de réir an chóid iompair i gcónaí.
Parents/Guardians are reminded that the staff of the school do not accept responsibility for pupils before official opening time 8:50am or after the official closing time of 1:30pm (Infants) or 2:30pm (other classes) except where pupils are engaged in an extra-curricular activity organised and run by the school and approved by the Board of Management. Pupils involved in such activities are expected to behave in accordance with school behaviour policy during these times.

Fregrachtaí an Bhoird Bainistíochta /*Board of Management's Responsibilities*

- Timpeallacht shlán chompordach a chur ar fáil /*Provide a comfortable, safe learning environment*
- Tacaíocht a thabhairt don Phríomhoide is don fhoireann maidir le cur i bhfeidhm an chóid iompraíochta /*Support the Principal and staff in implementing the code*
- An Cód Iompair a dhaingniú /*Ratify the Code of Behaviour*

Freagrachtaí an Phríomhoide /*Principal's Responsibilities*

- Tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann iomlán agus do na mic léinn maidir le cur i bhfeidhm an Chóid Iompair /*Provide support for all staff and pupils in implementing the Code of Behaviour*
- Atmaisféar deimhneach a chothú sa scoil / *Promote a positive climate in the school*
- Féachaint chuige go gcuirtear an Cód Iompair i bhfeidhm ar bhealach cothrom, comhsheasmhach /*Ensure that the Code of Behaviour is implemented in a fair and consistent manner*
- Féachaint chuige go ndéantar athbhreithniú ar an gcód de réir mar is cuí /*Arrange for review of the Code as required*
- Comhairle a lorg ó shiceolaí N.E.P.S. na scoile nó moladh do thuismitheoirí/caomhnóirí comhairle a lorg ón mBord Sláinte trína d(h)ochtúir féin más oiriúnach /*Seek advice from the school's N.E.P.S. psychologist or advise parents/guardians to seek advice from the H.S.E. through their G.P. if appropriate.*

Freagrachtaí na Foirne Teagaisc /*Teachers' Responsibilities*

- Tacú leis an gCód Iompair agus é a chur i bhfeidhm /*Support and implement the school's code of behaviour*
- Timpeallacht oibre slán a chruthú don uile mac léinn /*Create a safe working environment for each pupil*
- Obair fhiúntach a aithint agus a mholadh /*Recognise and affirm good work*
- Obair scoile a ullmhú agus obair na ndaltaí a cheartú /*Prepare school work and correct work done by pupils*
- Buanna agus difríochtaí aonair a aithint i measc na ndaltaí agus freastal cuí a dhéanamh orthu /*Recognise and provide for individual talents and difference among pupils*
- Bheith cúirtéiseach, comhsheasmhach agus cothrom /*Be courteous, consistent and fair*
- Gearradh siar/íosmhéid ar dheiseanna don mhí-iompar bheith ann /*Keep opportunities for disruptive behaviour to a minimum*
- Déileáil le mí-iompar ar bhealach oiriúnach /*Deal appropriately with misbehaviour*

- An scoil a chur ar an eolas maidir le fadhb ar bith a chuirfeadh isteach ar dhea-iompar nó ar dhul chun cinn na ndaltaí /*Communicate with the school in relation to any problems which may affect child's progress/behaviour*
- Comhairle a lorg ón mBord Sláinte agus ó ghrúpaí seachtaracha eile trína d(h)ochtúir féin más oiriúnach agus aon mholtaí a roinnt leis an scoil /*Seek advice from the H.S.E. and from other outside agencies through their G.P. if appropriate and share any recommendations with the school.*

Rinneadh an Cód Iompair seo a chur le chéile i gcomhar leis an mBord Bainistíochta, le foireann na scoile, le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le daltaí Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, agus déantar athbhreithniú go rialta air. Cuireann an fhoireann teagaisc chuige le cinntiú go dtacaíonn gach aon pholasaí agus gach aon chleachtas le spriocanna an Chóid Iompair.
This Code of Behaviour was formulated in consultation with Staff, Board of Management, Parents/Guardians and Pupils of Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc and is regularly reviewed. The staff, as a team, works to ensure that all policies and practises support the objectives of the Code of Behaviour.

Athbhreithnithe agus Daingnithe ag an mBord Bainistíochta ar an 30/9/2024.
Reviewed and Amended by Board of Management on 30/9/2024

Síniú/*Signature*: _____
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)
(Chairperson of the Board of Management)

Síniú/*Signature*: 30/09/24
(Príomhoide)
(Principal)

Dáta/*Date*: 30/9/2024

Dáta/*Date*: 30/9/2024

Dáta an chéad athbhreithnithe eile / *Date for Review*: ***nuair is gá/as necessary***